Cruinniú Oifigeach Idirchaidrimh 2018

Is é an príomhchuspóir atá ag cruinniú earraigh a nOifigeach Idirchaidrimh an cruinniú a bheidh ag an gCoiste Teagmhála a ullmhú. In 2018, tionólfar cruinniú an Choiste Teagmhála in Dubrovnik an 11-12 Deireadh Fómhair faoi chathaoirleacht Institiúid Iniúchóireachta Uachtarach na Cróite. Ag a gcruinniú i Vaileite, Málta, an 10-11 Bealtaine 2018, rinne na hOifigigh Idirchaidrimh athbhreithniú ar fhorbairtí agus ar ghníomhaíochtaí a thit amach le déanaí agus atá le breithniú ag an gCoiste Teagmhála. Chomh maith leis sin, phléigh na hOifigigh Idirchaidrimh príomhthéama chruinniú Choiste Teagmhála na bliana seo, i.e. “Idirghníomhaíocht le saoránaigh AE — UFInna a oscailt”.

Bhí cruinniú ag Oifigigh Idirchaidrimh Líonra UFInna na dTíortha is Iarrthóirí agus na dTíortha is Iarrthóirí Ionchasacha ar bhallraíocht san Aontas Eorpach an 9 Bealtaine 2018. Phléigh siad cur chun feidhme phlean oibre an Ghréasáin, gníomhaíochtaí amach anseo mar aon le saincheisteanna a bhaineann le rialachas.